

An Scéim:  
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir  
a chuir in eagar

 AN GÚM  
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir  
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí

*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*

*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*

*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne

[www.litriocht.com](http://www.litriocht.com)

[www.siopagaeilge.ie](http://www.siopagaeilge.ie)

[www.siopaleabhar.com](http://www.siopaleabhar.com)

[www.siopa.ie](http://www.siopa.ie)

[www.cic.ie](http://www.cic.ie)

[www.iesltd.ie](http://www.iesltd.ie)

**An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.**

# Ag Foghlaim Ceirde: Foilseacháin an Ghúim do Pháistí Óga, 1926-70

Róisín Adams

**N**í gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar rannóg na bpáistí sna siopaí leabhar Gaeilge (ar an tsráid nó ar líne) le tabhairt faoi deara go bhfuil togha agus rogha na leabhar Gaeilge ar fáil do pháistí óga sa lá atá inniu ann. Ar an suíomh gréasáin [litriocht.com](http://litriocht.com), cuir i gcás, tá trí rannóg éagsúla ann do dhaoine óga: ‘0-5 bliana’, ‘6-12 bhliain’ agus ‘Déagóirí agus Foghlaimeoirí Fásta’. Má chuirtear an chéad dá rannóg sin le chéile, tá breis agus 900 leabhar i gceist, figiúr atá níos suntasaí fós nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an 125 leabhar atá rangaithe sa tríú rannóg. I measc na bhfoilsitheoirí atá ag cur saothar ar ardchaighdeán ar fáil do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d’aois le tamall de bhlianta anuas tá Futa Fata, Leabhar Breac agus An tSnáthaid Mhór. Bíonn idir shaothair nuascríofa agus aistriúcháin á bhfoilsíú ag na comhlachtaí foilsitheoireachta sin, agus níl aon amhras ann ach go bhfuil borradh i láthair na huaire faoin bhfoilsitheoireacht Ghaeilge do pháistí óga.

Is siar sna 1970idí, áfach, i bhfad sular tháinig Futa Fata, Leabhar Breac ná An tSnáthaid Mhór ar an bhfód, a cuireadh tús leis an mborradh áirithe

seo, tráth a dhírigh an Gúm a n-aird ar an aoisghrúpa sin i gceart den chéad uair. Ó shin i leith, tá idir shaothair bhunaidh, aistriúcháin agus chomheagráin ar chaighdeán an-ard curtha i gcló ag an nGúm, agus tá moladh agus cáil tuillte acu dá bharr sin. I 1990, cuir i gcás, scríobh Gabriel Rosenstock, agus é ag caint faoi shaothair an Ghúim: ‘Children’s books in Irish are quite literally some of the best in the world, since many of them are co-editions with eminent international publishers whose names are synonymous with excellence’ (121). Seacht mbliana ní ba dhéanaí, d’áitigh Ré Ó Laighléis, agus é ag trácht ar chaighdeán deartha shaothair an Ghúim do pháistí óga: ‘One can safely say that in this regard An Gúm is unequalled by any other publisher in Ireland, whether of English- or Irish-language literature’ (1997: 428). Mar a luann Jeremy Addis san aiste atá aige in *Mórtreoraí do Leabhair Éireannacha don Óige*, cúis amháin a raibh caighdeán chomh hard sin ag baint le leabhair an Ghúim do pháistí óga an uair sin ná gurbh é an Gúm brainse foilseacháin na Roinne Oideachais, agus gurbh acmhainn dóibh leabhair áille a chur ar fáil nuair nár bh acmhainn d’fhoilsitheoirí Éireannacha eile é: ‘An Gúm could afford to publish for children but nobody else would dare’ (Addis 1996: 17).

Ní thar oíche, áfach, a d’fhoghlaim an Gúm ceird na foilsitheoireachta do pháistí óga, agus is é aidhm na haiste seo ná féachaint siar ar na blianta sula raibh cáil ar an nGúm mar gheall ar a gcumas sa réimse sin, nuair a bhí a n-aird dírithe go príomha ar shaothair do dhéagóirí agus nuair nach raibh ach corrléabhar á fhoilsiú acu ó am go chéile do pháistí ní b’óige ná sin – leabhair nach raibh caighdeán ró-ard ag baint leo i gcónaí. Tabharfar spléachadh, mar sin, ar chuid den líon beag leabhar a d’fhoilsigh an Gúm do pháistí faoi bhun dhá bhliain déag d’aois ó bunaíodh é i 1926 go dtí deireadh na 1960idí, nuair a thosaigh athrú an-mhór ag teacht ar an scéal.

### ***Laetheannta Gréine agus Marion King***

Is díol spéise é nár luadh foilsiú litríocht do pháistí mar cheann d’aidhmeanna an Ghúim nuair a bunaíodh é sna 1920idí. Na trí aidhm a luadh go sonrath leis, de réir cháipéisí an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta, ná réacsleabhair i nGaeilge a chur ar fáil do na scoileanna, leabhair eile Ghaeilge a fhoilsiú a mbeadh spéis ag scoláirí iontu agus ábhar léitheoireachta i nGaeilge a chur ar fáil do dhaoine fásta sa chaoi nach

gcaillfidís an Ghaeilge a bhí foghlamtha acu ar scoil (Comhad G0008). In ainneoin nach féidir litríocht na n-óg, is í sin ábhar léitheoireachta a léifeadh páistí taobh amuigh den scoil, a rangú go néata in aon cheann de na grúpaí thuas, bhí sí ina cuid thábhachtach d'obair an Ghúim ón tús.

Ba é an chéad mhóriarracht a rinne an Gúm le bonn a chur faoi litríocht Ghaeilge na n-óg ná an tsraith *Laetheannta Gréine* a fhoilsíú idir 1932 agus 1939. 25 leabhar a bhí sa tsraith sin san iomlán, cé go raibh sé i gceist ar dtús go mbeadh 30 ceann ann. Is ar pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois a bhí na himleabhair sa tsraith dírithe, agus is éard a bhí ina bhformhór ná aistriúcháin ar scéalta gearra le Enid Blyton ón iris Shasanach do pháistí *Sunny Stories for Little Folks*. Ní raibh an díol a raibh an Gúm ag súil leis ar *Laetheannta Gréine* ar chúiseanna éagsúla agus ceann de na cúiseanna sin ná droch-chuma na leabhar féin. Bhí an dearadh céanna ar gach ceann acu: léaráid i líníocht dhearg ar chúlra bán ar an gclúdach agus dornán léaráidí dubh is bán scaipthe tríd an leabhar (féach an chéad leathanach eile).

Ba ó na bunleaganacha Béarla de na scéalta a fuarthas na léaráidí sin. Ní raibh ardchaighdeán ag baint leis an bpáipéar ar ar clóbhuaileadh na scéalta ach oiread; bhí sé tanaí agus éasca a shracadh. Ba é an cineál páipéir é, mar a luaigh léirmheastóir amháin, a bheadh in úsáid le haghaidh nuachtáin (*The Irish Independent* 1932: 4).

Is féidir a thuiscint cén fáth a ndearna an Gúm na cinntí a rinne siad ag an am agus iad ag foilsíú na leabhar éagsúil sa tsraith *Laetheannta Gréine*. Ar an gcéad dul síos, is léir ó na cáipéisí a bhaineann leis an tionscadal go raibh dul amú orthu maidir le méid an mhargaidh a bhí ann do leabhair den chineál seo. Foilsíodh 10,000 cóip den chéad dá leabhar sa tsraith, cuir i gcás, ach laghdáíodh an rith cló do na cinn eile sa tsraith de réir a chéile agus faoin am a raibh na seacht leabhar dheireanacha á gcur i gcló i 1938 agus 1939 bhí an rith cló laghdaithe go 1,000 cóip an leabhar (Comhad G0020). Anuas air sin, tá costas mór ag baint le léaráidí daite agus páipéar ar ardchaighdeán a úsáid i leabhar, agus bhí siad ag iarraidh praghas na leabhar a choimeád íseal ar mhaithe le daoine a spreagadh le hiad a cheannach. Ní leor praghas íseal, áfach, le leabhair den chineál sin a

# LAETHEANNTA GRÉINE I. An tIarla Éamonn ⁊ an Sladaidhe



DO BHUACHAILLÍBH ⁊ DO CHAILÍNIBH  
2D.

Sampla de chlúdach leabhair as an tsraith *Laetheannta Gréine*.

dhéanamh mealltach do léitheoirí óga ná do thuismitheoirí. Tá tábhacht as cuimse ag baint le dearadh na leabhar, agus b'shin rud nár thuig muintir an Ghúim an uair sin, is cosúil. Bhí An Seabhac (Pádraig Ó Siochfhradha) ina eagarthóir sa Ghúm nuair a cuireadh tús le foilsiú *Laethannta Gréine*, agus seo thíos nóta a chuir sé chuig na clódóirí i 1932 nuair a bhí an chéad leabhrán sa tsraith sin á chur i gcló:

The position of the pictures in the book can have very little relation to the position of the corresponding text. If they were placed so two pictures in many cases wd. have to go in the same page. The best plan is to distribute the pictures of each story more or less evenly, as convenient, throughout the length of the text in the order in which they are numbered by us (Comhad 60020).

Is bealach sleamchúiseach é sin le tabhairt faoi leabhar a mhaisiú, agus feictear an easpa cúraim sin maidir le léaráidí agus téacs i gcuid eile d'fhoilseacháin luatha an Ghúim do pháistí (sa leabhar mór maisithe *Fí-Fá-Fum* (1931) le Seán Mac Giollarnáth, mar shampla, níl cuid de na léaráidí, dá áille iad, ag teacht leis an téacs atá in aice leo).

Is dócha gur chinntí den chineál sin, nár chuir san áireamh tábhacht an deartha i leabhair do pháistí, a spreag Aodh de Blácam leis an méid seo a leanas a scríobh in aiste in *The Irish Monthly* i 1935 dar teideal 'What Shall the Children Read?':

As long as the publication of children's books is done by civil servants instead of by professional publishers, we cannot expect to get attractive books. When the Government wants a building, it does not ask civil servants to design it and carry the hod – it calls in architects and builders; but, when Gaelic books are wanted, it attempts the highly technical work of editing and printing itself. Hence come the undigestible volumes of An Gum (de Blácam 1935: 684).

Bhí dul amú éigin ar de Blácam mar ní raibh mórán bainte ag an nGúm féin le priontáil na leabhar (féach Mac Giolla Coille 1960: 16). Mar sin féin, bhí an ceart aige go pointe mar is léir nach raibh taithí rómhaith ag duine ar bith sa Ghúm ar leabhair do pháistí óga a chur le chéile, ach fós féin ba iadsan a rinne na cinntí ar fad maidir le dearadh na leabhar sin.

I dtreo dheireadh na 1930idí thosaigh bean darbh ainm Marion King ag foilsíú leabhar leis an nGúm, agus ar feadh tréimhse ghairid bhí an chuma ar an scéal go raibh ré nua i ndán don fhoilsitheoireacht Ghaeilge do pháistí óga. Ealaíontóir ba ea í King, agus bhí tuiscint mhaith aici ar an bhfoilsitheoireacht do pháistí, ar thábhacht an deartha le páistí a mhealladh le leabhair a léamh agus ar an tábhacht a bhain le saothair Ghaeilge a chur ar fáil do pháistí óga le go ndéanfaí léitheoirí Gaeilge díobh chomh luath agus ab fhéidir. Bhí tuiscint aici freisin ar chúrsaí margáíochta, agus ar an ról a imríonn a leithéid i gcur chun cinn na litríochta do pháistí. D'fhoilsigh an Gúm dhá leabhar déag le King idir 1937 agus 1942, agus i rith na tréimhse sin chaith sí an-dua ag iarraidh a chur ina luí ar eagarthóirí an Ghúim nárbh ionann an fhoilsitheoireacht do pháistí óga agus an fhoilsitheoireacht do dhream ar bith eile.

Ba í King a scríobh agus a mhaisigh a cuid leabhar do pháistí óga – rud annamh sa Ghúm ag an am – agus is chuicise a chuirte profaí na leabhar sular cuireadh i gcló iad. (I mBéarla a scríobhadh sí na bunsaothair; thugtaí ansin iad do dhuine éigin eile iad a aistriú – Sorcha Ní Ghuairim nó Tomás Ó hÉighneacháin, mar shampla.) Bhíodh tuairimí láidre aici i gcónaí faoi leagan amach agus faoi dhearadh na leabhar, agus níor leasc léi in aon chor na tuairimí sin a roinnt leis an nGúm; ba mhínic freisin a ghlac an Gúm lena cuid moltaí. Sa bhliain 1939, cuir i gcás, scríobh King chuig an nGúm chun a míshástacht a chur in iúl maidir leis an gcur le chéile a bhí beartaithe dá leabhar *Clann Choinín*. Bhí sé i gceist acu gearradh siar ar an gcostas trí pháipéar éadrom a úsáid don chló, agus é a bheith ceangailte le haon sreang amháin. Shíl King go gcuirfeadh seo droch-chuma ar an leabhar. Scríobh sí:

This make-up, I fear, will prove a poor advertisement for childrens booklets ... In any case, in my opinion, it is essential to give value to the children no matter who loses. In children's books I believe that good value in appearance is just as essential as good *value* in matter (Comhad No800; is le King an bhéim).

Bhí an Gúm sásta cluas le héisteacht a chur orthu féin an uair seo, agus géilleadh do shaineolas an údair. Athraíodh an chaoi a raibh *Clann Choinín* le bheith curtha le chéile agus foilsíodh é mar a mhol King.





Clúdach *Clann Choinín* le Marion King.

Ní raibh an oiread sin ratha ar mholtaí King, áfach, i gcásanna eile. Port a bhíodh aici go minic agus í ag scríobh chuig an nGúm ná go raibh géarghá le neart leabhar a chur ar fáil do pháistí óga – nach n-éireodh leo léitheoirí Gaeilge a dhéanamh d'aos óg na hÉireann murar chothaigh siad an nós sin iontu agus iad óg. Bhí sé de nós aici scríobh chuig an Aire Oideachais ag an am, Tomás Ó Deirg, nuair a shíl sí nach raibh ag éirí léi dul i bhfeidhm ar mhuintir an Ghúim, agus seo thíos cúpla sliocht as litreacha a chuir sí chuigsean i 1939 ar an ábhar sin:

if the younger children become accustomed to reading in English, you can hardly expect them to begin reading in Gaelic when they are older.

... children must *begin* with reading material in Gaelic, if their subsequent reading is to be in the same language (Comhad G0198; is le King an bhéim).

Bhí an ceart ar fad aici ach, faraor, d'éirigh sí as bheith ag plé leis an nGúm i 1942, le teann frustrachais, is cosúil (féach Adams 2013). Cé gur tháinig feabhas éigin ar dhearadh leabhair an Ghúim uaidh sin amach, ní dhearnadh freastal ceart ar pháistí óga – an cineál freastail a bhí ó King – go ceann tamall fada ina dhiaidh sin.

An bhliain chéanna ar éirigh Marion King as a bheith ag foilsíú leabhar leis an nGúm, is í sin an bhliain 1942, chuaigh Cathal Ó Sándair i dteagmháil leo den chéad uair. An bhliain dár gcionn a foilsíodh a chéad leabhar siúd do dhéagóirí, *Na Mairbh a d'Fhill* (1943), agus cuireadh tús le ré órga na déaglitríochta i litríocht Ghaeilge na n-óg, ré a mhair go dtí deireadh na 1960idí. Sa tréimhse sin ar fad, tréimhse breis agus fiche bliain, is le saothair do dhéagóirí a chaith an Gúm an dua ba mhó ó thaobh na foilsitheoireachta do dhaoine óga de. Ní hamháin gur fhoilsigh siad 118 leabhar le Ó Sándair féin sna blianta sin, leabhair a raibh an-ráchairt orthu, ach chomh maith leis sin d'fhoilsigh siad saothair nuachumtha do dhéagóirí le Críostóir Ó Floinn, Mícheál d'Andún, Annraoi Ó Liatháin agus eile, chomh maith le líon mór aistriúchán don aoisghrúpa céanna.

I gcodarsnacht leis an bhfreastal iontach a rinne an Gúm ar dhéagóirí sna 1940idí, 1950idí agus 1960idí, is beag leabhar do pháistí ní b'óige ná sin a d'fhoilsigh siad sa tréimhse chéanna. Mar sin féin, is féidir an fhorbairt a tháinig ar a dtuiscint ar an gcineál sin foilsitheoireachta a

rianú sa dornán leabhar do pháistí óga a d'fhoilsigh siad sna blianta sin, go háirithe i gcás leabhar le hEilís Diolún, Críostóir Ó Floinn, Flann Ó Riain, Máirín Ní Chormac agus Meadhbh Costello. Léiríonn na leabhair sin, agus comhfhreagras an Ghúim leis na húdair agus na maisitheoirí a raibh baint acu leo, gur de réir a chéile a d'fhoghlaim an Gúm ceird na foilsitheoireachta don aoisghrúpa sin. Ba mhór ab fhiú an tréimhse phrintiseachta sin, áfach, nuair a tháinig meath ar an déaglitríocht Ghaeilge ag deireadh na 1960idí agus nuair a tháinig an fhoilsitheoireacht Ghaeilge do pháistí óga faoi bhláth ar deireadh.

### **Eilís Diolún, Críostóir Ó Floinn agus pictiúrleabhair Ghaeilge roimh 1970**

I litríocht Bhéarla na n-óg in Éirinn glactar le hEilís Diolún mar cheannródaí, údar a chuaigh i ngleic go caolchúiseach le gnéithe nuaimseartha de shaol na hÉireann nuair a bhí scríbhneoirí eile na linne ag tabhairt neamhaird iomlán orthu (Dunbar 2001: 84; Ní Bhroin 2012: 112-19; Watson 2009: 19-42). Is i nGaeilge a thosaigh Diolún ag scríobh do pháistí, áfach, agus ba é an Gúm a d'fhoilsigh an chéad leabhar óna peann, *An Choill Bheó* (1948), scéal deas simplí do pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois faoi chailín óg darb ainm Máire agus an teaghlach coiníní a n-éiríonn sí mór leo.

Tamall de bhlianta ní ba dhéanaí d'fhoilsigh an Gúm an dara leabhar Gaeilge a scríobh Diolún, *Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg* (1953), scéal don aoisghrúpa céanna faoi luchóg bheag a théann amach sa saol mór ar lorg eachtraíochta. Dhá bhliain ina dhiaidh sin foilsíodh *Ceol na Coille* (1955), scéal eile faoi eachtraí Mháire agus na gcoiníní. Cé nach bhfuil mórán ceannródaíoch faoi na trí leabhar sin ó thaobh ábhair de, ba thábhachtach na foilseacháin iad de bharr an tionchair a d'imir Diolún ar dhearcadh mhuintir an Ghúim maidir le dearadh leabhar do pháistí, mar a rinne Marion King roimpi.

Ba é fear céile Dhiolún, Cormac Ó Cuilleanáin, a bhí ina léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Chorcaí ag an am, a chuir lámhscríbhinn *An Choill Bheó* chuig an nGúm sa bhliain 1945. Bhí an nóta seo in éineacht leis an lámhscríbhinn:

Measaim féin go bhfuil an scéal so ana-mhaith ar fad. Má's fíor san, beidh áthas oraibh é ghlacadh. Ach níor mhór é chlóbhualadh chun sástachta mo mhná, maidir le méid an chló, leagadh-amach, pictiúirí tc (Comhad N1222).

Mar a thug Ó Cuilleanáin le fios sa mhéid sin thuas, bhí tuairimí láidre ag Diolún – mar a bhí ag King – faoin leagan amach ba chóir a bheith ar leabhair do pháistí, agus ba ise a d'earcaigh Patricia Lynes, ealaíontóir, chun *An Choill Bheó* a mhaisiú. Ní raibh Diolún sásta, áfach, leis an íocaíocht a bhí á tairiscint ag an nGúm, is í sin 10 scillinge (10/-) an ceann ar 20 léaráid dubh is bán, agus £3/3/- ar chlúdach daite (b'ionann punt agus 20 scilling). Dar léi nár leor an íocaíocht sin i gcás léaráidí den chaighdeán a bhí ag teastáil i leabhar don aos óg. Chuir sí brú leanúnach ar an nGúm an íocaíocht sin a ardú, agus sa deireadh fuair an Gúm cead ón Roinn Airgeadais an t-uasmhéid íocaíochta ar léaráid dubh is bán a ardú ó 10/- go 15/- (Comhad N1222).

In ainneoin an tsocraithe sin, bhí ar Dhiolún brú a chur ar an nGúm arís an ráta íocaíochta céanna sin a thabhairt do Lynes nuair a mhaisigh sí *Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg* (Comhad N1312). Mheabhraigh an Gúm do Dhiolún nach raibh an ráta sin ar fáil ach do léaráidí a raibh feabhas ar leith iontu, ach sheas sí an fód go daingean ar son shaothar Lynes agus sa deireadh d'aontaigh Tomás Ó hÉighneacháin, an príomheagarthóir, gurbh fhiú an ráta sin a íoc as na léaráidí. Scríobh sé: 'Sílim go bhfuil na léaráidí seo an mhaith ar fad agus chuideochadh siad go mór le díol an leabhair' (Comhad N1312).

Níorbh í Lynes a mhaisigh an tríú leabhar Gaeilge le Diolún, *Ceol na Coille*, ach bean darbh ainm Mairéad Uí Mhurchú. Is éagsúil an stíl deartha atá sa tríú leabhar sin. Seachas 20 léaráid mhór éagsúil a tharraingt le heachtraí ar leith sa téacs a léiriú, chuir Uí Mhurchú sceitsí beaga de charachtair éagsúla ar fáil agus athúsáideadh na sceitsí sin síos tríd an leabhar nuair a thioctadh na carachtair éagsúla isteach sa scéal. Bhí Diolún arís ar a dícheall, i gcás an leabhair seo, ag iarraidh a chur ina luí ar an nGúm go raibh tábhacht an-mhór ag baint le maisiú leabhair dá shórt. Sa bhliain 1952 agus í ag scríobh chuig Seán Mac Lellan, an tOifigeach Foillsiúcháin, le hinsint dó go raibh Uí Mhurchú chun na léaráidí a chur ar fáil, dúirt Diolún:

Táim tar éis ‘Ceol na Coille’ do scrúdú arís agus is léir dom, chun go mbeadh an leabhar ar fónamh, agus ceannach air, gur deacair níos lú ná £1 an pictiúir a thairiscint do ealaíonaí oilte mar Bhean Uí Mhurchadha ná d’aon ealaíonaí eile den tsórd. Is beag is fiú púnt an lá atá inniu ann (Comhad N1358).

Is léir go raibh meas ag Mac Lellan ar thuairimí Dhiolún, mar chuir sé an moladh sin ar aghaidh chuig Tarlach Ó Raifeartaigh, Leas-Rúnaí na Roinne Oideachais, a fuair cead ón Roinn Airgeadais idir 15 scillinge agus 25 scillinge a íoc ar léaráid as sin amach.

Scríbhneoir eile a d’fhreastail ar an aoisghrúpa céanna le Diolún sa tréimhse atá faoi chaibidil san aiste seo ná Críostóir Ó Floinn. Údar an-bhisiúil ba ea Ó Floinn sa tréimhse sin (agus ina dhiaidh), agus d’fhoilsigh an Gúm saothair leis d’óg agus d’aosta ón mbliain 1953 ar aghaidh. Is iad na leabhair leis a d’fhoilsigh an Gúm do pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d’aois roimh 1970 ná *Caisleán na nÉan* (1955), *Ticiti* (1959), *An Pálás Marmair* (1960), *Ticiti i dTír Ghúba* (1963) agus *Ticiti agus an Fáinne Draíochta* (1967). Dála Eilís Dhiolúin, is féidir an fhorbairt a bhí ag teacht ar thuiscint an Ghúim maidir leis an gcineál seo foilsitheoireachta a fheiceáil go soiléir sa chaoi ar chaith siad le dearadh na leabhar éagsúil sin de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh, agus sa chaoi ar chaith siad le Ó Floinn féin agus iad ag déanamh na gcinntí faoi dheardh agus leagan amach.

An chéad leabhar le Ó Floinn a d’fhoilsigh an Gúm ná *Caisleán na nÉan*, sa bhliain 1955, scéal ina bhfuadaíonn cailleadh banphrionsa go gcaithfidh an prionsa atá i ngrá léi í a shábháil. Chuir an Gúm clúdach daite ar an leabhar, ach ní raibh oiread is léaráid amháin istigh ann. B’ait le Ó Floinn an socrú sin, agus scríobh sé an méid seo i litir chuig an nGúm:

I gcás an leabhair seo, ‘Caisleán na nÉan’, is ait liom ná fuil sé ar intinn agaibh ach an t-aon phictiúir amháin a bheith ann .i. an clúdach. Tá cheithre roinn nó eachtra sa leabhar, agus is é mo thuairim gur mhór an feabhas agus an maisiú a dhéanfadh sé pictiúir (dubh-is-bán) a chur le gach eachtra. Chabhródh san go mór leis na leaná chun an scéal a thuiscint agus taitneamh a bhaint as. Ina theannta sin, an tuismitheoir a bheadh

ag iniúchadh an leabhair i siopa, agus ag cuimhneamh ar é cheannach dá chlainn mheallfadh na pictiúirí istigh sa leabhar é (Comhad N1478).


B'aisteach an cinneadh é sin gan amhras i gcás leabhar do pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois. Murab ionann agus Eilís Diolún, áfach, níor chuir Ó Floinn brú ar an nGúm dearadh an leabhair a athrú, agus foilsíodh *Caisleán na nÉan* mar a bhí socraithe.

Idir 1959 agus 1967 scríobh Ó Floinn sraith leabhar don aoisghrúpa céanna faoi leipreachán darb ainm Ticití, agus is féidir an feabhas a bhí ag teacht ar an nGúm ó thaobh maisiú leabhar don aoisghrúpa sin a fheiceáil sa chaoi ar láimhseáil siad cúrsaí deartha sa chéad leabhar sa tsraith sin, *Ticití*. Bhí an Gúm ag iarraidh ón tús go mbeadh léaráidí sa leabhar, agus chuige sin d'earcaigh siad Ailbhe Ó Monacháin (fear a raibh roinnt leabhar do pháistí scríofa agus maisithe aige cheana don Ghúm) leis na léaráidí a dhéanamh. Chuir seisean léaráidí samplacha ar fáil don Ghúm, agus chuir an Gúm ar aghaidh chuig Ó Floinn iad. Bhí easaontas idir Ó Floinn agus Ó Monacháin, áfach, maidir leis an gcuma ba cheart a bheith ar an leipreachán. Scríobh Ó Monacháin: 'Is tearc-annamh féasóg ar leipreachán, ach bhféidir ar arsach cian-aosta ... Ní leipreacháin na rudaí féasógacha a bhíos ins na siopaí. Is gnómaí agus Kobolde iad' (Comhad N1567). Cé go raibh an ceart aige, is dócha, ó thaobh an bhéaloidis de, bhí tuiscint ní ba nua-aimseartha ag Ó Floinn ar leipreacháin, agus ní raibh sé sásta le léaráidí Uí Mhonacháin. Scríobh sé:

Mar gheall ar an léaráid seo agus litir an ealaíonaí, is léir go bhfuil bua na líníochta ag an té a dhearaigh an pictiúir seo. Is léir, freisin, ná fuil aon tuiscint aige i gcúrsaí leipreachán. Tá an pictiúir seo rianta amach go néata, agus é lán i ngach cúinne de dhaoine is d'earraí. Ach ní dóigh liom go bhfuil baint dá laghad aige le síogachas ná le leipreachánachas, agus ní dóigh liom go bhfeicfeadh leanbh brí na léaráide de bharr a bhfuil de mhionrudaí gan gá leo breacaithe sa pictiúir (Comhad N1567).

Tá Ó Floinn ag tagairt anseo don nós a bhí ag Ó Monacháin léaráidí a líonadh le daoine beaga agus sonraí beaga eile, stíl is féidir a fheiceáil i gcuid mhór de na leabhair a mhaisigh sé don Ghúm (féach, mar shampla, a leabhar féin, *Patairín agus Patarún* (1937), nó *Eachtra na Beiche* (1941) le Micheál Ó Cionnfhaoilaidh).

Ach cé gur léir go raibh tuairimí láidre ag Ó Floinn faoin gcaoi inar cheart don leabhar a bheith maisithe, agus nár thaitin léaráidí Uí Mhnocháin leis, fós féin ba thábhachtaí dó go bhfoilseofaí an leabhar gan mórán moille, agus bhí sé sásta géilleadh mar a ghéill sé i gcás *Caisleán na nÉan* agus glacadh leis na léaráidí sin dá mba rud é go raibh an Gúm sásta leo (Comhad N1567). D'aontaigh eagarthóirí an Ghúim le Ó Floinn an uair seo, áfach, agus earcaíodh maisitheoir eile, W.P. Spencer, leis an leabhar a mhaisiú as an nua. Ba cisean a mhaisigh na leabhair eile sa tsraith chomh maith.



### Stíl línióchta Ailbhe Uí Mhnocháin as *Patairín agus Patarún*.

Is léir, mar sin, go raibh an Gúm, de réir mar a chuaigh na blianta ar aghaidh, ag éirí ní b'eolaí ar an gcaoi le leabhar a chur le chéile ar bhealach a bheadh tarraingteach do pháistí idir ocht mbliana agus dhá bhliain déag d'aois. Bhí siad ní b'airí ar dheardh na leabhar, bhí siad ní ba chúramaí faoi chaighdeán na léaráidí a bhí á gcur acu sna leabhair (agus sásta praghas ní b'airde a íoc astu), agus bhí ní ba mhó airde á tabhairt acu ar thuairimí na n-údar féin maidir le maisiú na leabhar.

Ní raibh na nithe nuafhoghlamtha seo ar fad ina gcabhair, áfach, agus an Gúm ag iarraidh plé leis an líon beag daoine a chuir pictiúrleabhair do pháistí óga i gcló leo sna 1960idí: Flann Ó Riain, Máirín Ní Chormac agus Meadhbh Costello. Chuir Ó Riain dhá phictiúrleabhar faoi bhráid an Ghúim sa tréimhse sin – *Dáithí Lacha* (1964) agus *Dáithí Lacha '67* (1966) – a bhí bunaithe ar chlár teilifíse dá chuid a craoladh ar Theleféis Éireann ó mhí Dheireadh Fómhair 1962 ar aghaidh. Pictiúrleabhar mór daite is ea *Cí-Cí agus Scéalta Eile* (1967) ar scríobh Máirín Ní Chormac an téacs ann agus ar mhaisigh Meadhbh Costello é. Níor oir na gnáthrátaí íocaíochta a bhí ag an nGúm i gcomhair léaráidí do leabhair a bhí chomh maisiúil leis na trí leabhar seo agus a raibh an oiread sin tábhachta ag baint leis na pictiúir iontu. Bhí ar an nGúm, mar sin, teacht ar bhealach eile chun luach na dtrí shaothar sin a mheas.

An socrú a rinneadh sa deireadh i gcás Uí Riain ná go n-íocfaí £2 an pictiúr leis, ach nach n-íocfaí as an téacs é in aon chor (Comhad N1718; Comhad N1735). Ní fhéadfaí an socrú sin a chur i bhfeidhm ar *Cí-Cí agus Scéalta Eile*, áfach, toisc gur bheirt éagsúla a scríobh agus a mhaisigh. Sa deireadh chinn an Gúm ar £110 a íoc leis an maisitheoir, Costello, agus gan ach £15 a íoc leis an scríbhneoir, Ní Chormac (Comhad N1694A). Díol mór suntais é gur tugadh suim i bhfad ní ba mhó don mhaisitheoir sa chás sin, agus tugann sé le fios dúinn go raibh athrú mór meoin sa Ghúm maidir le tábhacht an deartha i gcás leabhar do pháistí óga. Ba thráthúil an t-athrú meoin sin, gan aon amhras, mar sna 1970idí tharla athrú mór sa Ghúm, agus d'éirigh siad as bheith ag foilsíú leabhar do dhéagóirí (seachas corrcheann) agus ina ionad sin luigh siad isteach ar an bhfoilsitheoireacht do pháistí ní b'óige.

### **Deireadh le ré na déaglitríochta agus tús le ré na bpictiúrleabhar**

Tháinig meath ar an déaglitríocht i dtreo dheireadh na 1960idí ar roinnt cúiseanna éagsúla. Sa bhliain 1967 tugadh isteach an saoroideachas meánscoile den chéad uair in Éirinn (Coolahan 1981: 195), agus as sin amach tháinig fás ollmhór ar líon na ndaoine a bhí ag fáil oideachas iar-bhunscoile sa tír. Cé gur cheart go mbeadh dea-thionchar ag an bhforbairt sin ar líon na ndéagóirí arbh fhéidir leo leabhair Ghaeilge a léamh, agus ar mhéid an mhargaidh don déaglitríocht dá bharr, tharla gur tháinig



stádas na Gaeilge faoi ionsaí thart ar an am céanna. I 1961, cuir i gcás, fuarthas réidh leis na coláistí ullmhúcháin, meánscoileanna speisialta a chuir oiliúint ar dhaltaí a bhí ag iarraidh dul leis an múinteoireacht (Mhic Mhathúna agus Mac an Iomaire 2013: 173-74; Kelly 2002: 69-73). An bhliain chéanna d'fhógair Fine Gael, mar chuid dá fhorógra toghcháin, go bhfaighidís réidh leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach scoile dá dtoghfaí iad (Brown 2004: 256).

Bhí impleachtaí ag an íslíú stádais seo ar ról na Gaeilge sna scoileanna. Mar a mhíníonn Máirtín Ó Murchú, de réir mar a tháinig athrú ar an gcóras oideachais tháinig meath ar thábhacht na Gaeilge mar ábhar iar-bhunscoile:

tháinig claochlú mór sna seascaidí ar ghnásanna sa dara leibhéal scolaíochta: méadaíodh go mór ar an tinreamh, ar líon na scoileanna, agus ar a gcineálacha. Lagaiodh ar an seanghnáthamh. Deineadh slad ar líon na meán-scoileanna lán-Ghaeilge. Thairis sin, tháinig raon leathan d'ábhair theicniúla chun cinn, rud a chúngaigh ar na seanábhair liteartha, sa chlár ama agus i rogha na scoláirí (Ó Murchú 2002: 21).

De réir mar a rinneadh forbairt ar thionsclaíocht na hÉireann sna 1960idí, agus de réir mar a thosaigh an rialtas ag breathnú ar an oideachas dara leibhéal mar infheistíocht a chuirfeadh oibrithe oilte ar fáil don tionsclaíocht sin, is léir nach bhfacthas an luach céanna a bheith ar an nGaeilge i saol na tíre. Leagadh béim ní ba mhó ar ábhair a bhí ní ba phraiticiúla sa saol oibre, agus laghdaíodh ar thábhacht na Gaeilge mar ábhar.

Athrú mór eile a tharla sna 1960idí ó thaobh mhúineadh na Gaeilge sna meánscoileanna de, a raibh impleachtaí tromchúiseacha aige ar litríocht Ghaeilge na n-óg, ná gur laghdaíodh ar an mbéim a leagtaí go dtí sin ar léamh agus ar scríobh na teanga sa churaclam. Ina ionad sin, méadaíodh go mór ar thábhacht na Gaeilge labhartha sa seomra ranga. Tugadh isteach béaltríail mar chuid de scrúdú na hArdeistiméireachta sa bhliain acadúil 1959-60, mar chuid de shiollabas nua Gaeilge inar cuireadh béim i bhfad ní ba mhó ar labhairt na teanga, agus tugadh béaltríail isteach mar chuid den Mheánteistiméireacht i 1969 (Kelly 2002: 31-32).

D'fhág na nithe seo ar fad nach raibh an margadh céanna ann don déaglitríocht i nGaeilge is a bhí sa leathchéad bliain roimhe sin. Ar an taobh eile de, áfach, spreag ísliú stádas na Gaeilge sna 1960idí an pobal le gníomhú ar son na teanga iad féin, gan bheith ag brath ar an rialtas an oiread sin. Is sna 1960idí a bunaíodh na Teaghlaigh Ghaelacha – eagraíocht a thacaigh le tuismitheoirí a bhí ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht – agus a cuireadh tús le gluaiseacht na naíonraí. Bhí baint ag an dá ní sin leis an mborradh a tháinig faoin nGaelscolaíocht ó thús na 1970idí ar aghaidh (Ó Broin 2012: 5-7; Mhic Mhathúna agus Mac an Iomaire 2013). D'imir na gluaiseachtaí seo tionchar mór ar litríocht Ghaeilge na n-óg, mar chuir siad margadh nua soiléir ar fáil do leabhair Ghaeilge do pháistí óga. Margadh ba ea é sin a raibh na scileanna cuí forbartha ag an nGúm faoin tráth sin le díriú air i gceart, agus ó na 1970idí ar aghaidh d'eisigh an Gúm slám mór leabhair áille do pháistí óga, idir shaothair bhunaidh, aistriúcháin agus chomheagráin (Mag Shamhráin 1999: 54-74).

# Tagairtí

## Comhaid de chuid an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta

- A0012. 'Dracula' (Bram Stoker / Seán Ó Cuirrín).
- A0031. 'Quo Vadis?' (Henryk Sienkiewicz / Aindrias Ó Céileachair).
- A0033. 'Coming Through the Rye / Teacht fríd an tSeagail' (Helen Mathers / Seosamh Mac Grianna).
- A0038. 'Ben Hur' (Lew Wallace / Seosamh Mac Grianna).
- A0039. 'Miracle / An Mhiorbhailt' (Clarence B. Kelland / Niall Mac Suibhe).
- A0040. 'Wild Rose of Lough Gill / Rós Fiadhain Loch Gile' (Patrick G. Smith / Tadhg Ó Séaghdha).
- A0045. 'Hugh Roach The Ribbon Man / Aodh de Róiste' (James Murphy / Dómhnall Ó Ceocháin agus Dómhnall Ó Céileachair).
- A0051. 'Pinocchio' (Pádraig Ó Buachalla).
- A0060. 'Seeteufel' (Graf Felix Von Luckner / Pádraig Ó Moghráin).
- A0062. 'The Nigger of the Narcissus / An Máirnéalach Dubh' (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).
- A0072. 'The People of the Mist / Cineadh an Cheo' (H. Rider Haggard / Aodh Mac Seaghain).
- A0074. 'The Merchant of Killogue / Ceannaidhe Cille hÓige' (Edmund Downey / Seán Ó Súilleabháin).
- A0096. 'Adventures of a Younger Son / Imtheachtaí Fhear Dheireadh Theaghlaigh' (Edward John Trelawny / Seosamh Mac Grianna).

